

# Oiliúint Bhliantúil Tuarascáil 2021

Achoimre Feidhmiúcháin





Críochnaíodh an lámhscríbhinn i mí Aibreáin 2022.

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann EUAA freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

PDF ISBN 978-92-9400-359-1 doi: 10.2847/12212 BZ-07-22-525-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2022

Is é ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.





## Réamhrá



Agus an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) ag ceiliúradh deich mbliana ar an bhfód, tugadh aitheantas don chaoi ar rannchuidigh soláthar na hoiliúna comhchoitinne le feabhsú cáilíochta agus comhchuibhiú i gcur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn. In 2012, ghlac an Gníomhaireacht ceannas ar an gCuraclam Eorpach Tearmainn. Sna deich mbliana ina dhiaidh sin, leathnaíodh raon na modúl. Mar a léifidh tú sa tuarascáil seo, tháinig tuilleadh feabhsuithe chun cinn in 2021 le forbairt na mbunmodúl agus le raon níos

leithne modúl faoin fháiltiú. Tugadh isteach measúnuithe deonacha freisin mar chéad chéim chun a bheith in ann cáilíochtaí sonracha a thairiscint do chleachtóirí atá ag obair i réimse an tearmainn agus an ghlactha.

Tar éis di a Straitéis nua um Fháiltiú a ghlacadh in 2021, d'fhorbair an Gníomhaireacht roinnt modúl oiliúna a bhaineann le glacadh agus bhí baint ghníomhach aici le cumas na seirbhísí glactha náisiúnta a fheabhsú trí oiliúint a chur ar fáil d'oifigigh ghlactha in AE+ agus i dtríú tíortha atá faoi bhrú díreireach maidir lena gcórais ghlactha. Thacaigh comhairle theicniúil ó Fhoireann Ghlactha na Gníomhaireachta leis an bhforbairt acmhainne seo.

Mar ullmhúchán chun EASO a chlaochlú go EUAA<sup>1</sup>, seoladh curaclam oiliúna níos leithne d'fhonn ról bunúsach na hoiliúna a threisiú laistigh de gach gné de shainordú nua na Gníomhaireachta. Tá an obair leanúnach seo riachtanach chun cóineasú níos mó a thabhairt isteach i gcleachtas náisiúnta tearmainn agus glactha. Ciallaíonn cuid den sainordú nua go mbeidh an Gníomhaireacht in ann pearsanra a imscaradh go tapa chun cúnamh oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit, lena n-áirítear ar gearrfhógra. Chun é a chur ar chumas na bhFoirne Tacaíochta Tearmainn sin feidhmiú go tapa agus bheith réidh chun cúnamh ar an talamh a chur ar fáil, tá oiliúint ionduchtaithe speisialta ullmhaithe ag an nGníomhaireacht a chuirfear i gcrích go hidéalach roimh imscaradh.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil Oiliúna seo roinnt eolas cúlra ar na figiúirí soláthair oiliúna i rith na bliana. Feicfidh tú an chaoi ar lean an Gníomhaireacht ar aghaidh réitigh ar líne a chur i bhfeidhm chun seimineáir ghréasáin a chur in ionad seisiúin duine le duine, rud a chothaíonn leibhéal arda soláthair oiliúna. Bhí ailíniú breise le caighdeáin cháilíochta Eorpacha i réimse an oideachais fós i gcroílár a cuid gníomhaíochtaí oiliúna agus d'oibrigh an Gníomhaireacht go dlúth leis na Ballstáit chun a chinntiú gur féidir cloí leis na caighdeáin sin agus iad a fheabhsú cibé áit a gcuirtear oiliúint ar fáil.

Tá cáilíocht na hoiliúna agus sásamh na ndaoine faoi oiliúint thar a bheith tábhachtach i gcónaí, agus, i rith na bliana, cuireann an Gníomhaireacht seirbhísí tacaíochta feabhsaithe i bhfeidhm, chomh maith le sásra tuairiscithe neartaithe a chuireann le gníomhaíochtaí meastóireachta láidre chun feabhas leanúnach ar n-oiliúna a chinntiú.

### Nina Gregori

Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

<sup>1</sup> Ar an 19 Eanáir 2022, rinneadh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) den Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO). Tagraíonn an fhaisnéis sa tuarascáil do ghníomhaíochtaí a rinne EASO in 2021, ach d'fhoilsigh an EUAA an tuarascáil.



## Réamhrá

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar na príomhghníomhaíochtaí a rinne an Gníomhaireacht le linn 2021. Is cuid dhílis í an oiliúint de bhuantacaíocht na Gníomhaireachta do na Ballstáit, mar aon le forbairt acmhainní i gcomhthéacs na tacaíochta oibríochtúla a sholáthraítear do na stáit sin a bhfuil a gcórais tearmainn agus glactha faoi bhrú díréireach. Trí ábhar coiteann oiliúna a chur ar fáil is féidir comhar níos fearr a bheith ann idir na Ballstáit i réimsí an tearmainn agus an ghlactha araon. Is é cuspóir uileghabhálach na hoiliúna an dea-chleachtas a chur chun cinn agus cur chun feidhme praiticiúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn a chomhchuíbhíú.


Soláthraíonn an Tuarascáil Bhliantúil Oiliúna nuashonrú ar na torthaí a baineadh amach i rith na bliana agus cuimsíonn sé forléargas ar na príomhghníomhaíochtaí oiliúna agus clúdach níos doimhne ar théamaí ar leith. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an Tuarascáil Bhliantúil Oiliúna iomlán.

## Forléargas ar ghníomhaíochtaí oiliúna



In 2021, bhí líon iomlán na rannpháirtíochtaí i seisiúin oiliúna EASO cothrom le **7 398**. Tháinig laghdú 6 % ar rannpháirtíocht fhoriomlán i gcomparáid le 2020. Cé gur tháinig laghdú 15 % ar rannpháirtíocht i modúil, tháinig méadú 57 % ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oiliúna laistigh de phleananna oibriúcháin (cúrsaí caighdeánacha, oiliúint ar an láthair oibre agus cúrsaí saincheaptha).

### Príomhfhigiúirí maidir le gníomhaíochtaí oiliúna in 2021





## Monatóireacht ar aiseolas tar éis ghníomhaíochtaí oiliúna in 2021



Glacann an Ghníomhaireacht aiseolas ó rannpháirtithe san áireamh chun cultúr feabhsúcháin leanúnaigh agus foghlama atá dírithe ar an scoláire a chur chun cinn agus déanann sí a dícheall a chinntiú go bhfuil an oiliúint a chuireann sí ar fáil oiriúnach agus go gcuirtear ar fáil í i dtimpeallacht foghlama thacúil agus éifeachtach. Léiríonn na figiúirí seo a leanas **ráta ard sástachta** ar an iomlán.

**88 %**

le haghaidh gach gníomhaíocht oiliúna

**86 %**

le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna i gcomhthéacs na buantacaíochta

**89 %**

le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna i gcomhthéacs na tacaíochta oibríochtúla

## Faoi aird an phobail



### Modheolaíocht deartha nua curtha i bhfeidhm go hiomlán

Tá modheolaíocht deartha nua curtha i bhfeidhm go hiomlán anois agus modúil nua á bhforbairt agus na cinn a bhí ann cheana á bhfeabhsú. Leagtar na torthaí foghlama go léir amach chun na tascanna iarbhír a dhéanann foghlaimeoirí a léiriú go cruinn, agus tá deireadh curtha le haon fhorluí ar ábhar.

### Athstruchtúráil na gcroímhodúil d'fhoghlaimeoirí

Críochnaíodh athstruchtúráil na modúil oiliúna ar **'Ionchuimsiú'**, an **'Modh agallaimh tearmainn'** ('Teicnící agallaimh' roimhe seo) agus **'Measúnú fianaise'**.

### Forbairt na mbunmhodúil

Forbraíodh bunmhodúil nua chun eolas agus scileanna bunúsacha agus trasnaí a chur ar fáil ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar an gCuraclam Eorpach Tearmainn ar fad:

- Réamheolas ar an gcreat dlíthiúil maidir le cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta san AE;
- Réamheolas ar chaighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla;
- Réamheolas maidir le cumarsáid le haghaidh cleachtóirí tearmainn agus glactha;
- Réamheolas ar leochaileacht.



## Cúrsaí d'oiliúnóirí

Forbraíodh oiliúint atá dírithe go sonrach ar oiliúnóirí, lena n-áirítear oiliúint théamach ar **'Croílár an tearmainn'** agus oiliúint atá dírithe ar eolas agus scileanna na n-oiliúnóirí a fhorbairt, amhail **'Bí i d'oiliúnóir EASO'**, **'Bí i do mheasúnóir EASO'** agus **'Réamheolas ar an gcóitseáil'**.

## Modúil i réimse téamach na leochaileachta

Forbraíodh dhá mhodúl nua - **'Iarratasóirí a bhfuil SOGIESC éagsúla acu'** <sup>(2)</sup> agus **'Íospartaigh an fhoréigin ar bhonn inscne'** - agus rinneadh an modúl **'Gáinneáil ar dhaoine'** a uasghrádú.



### Fócas ar fháiltiú

Tá an Ghníomhaireacht tar éis an réimse oiliúna atá dírithe go sonrach ar fháiltiú a leathnú. Bhí an modúl **'Fáiltiú'** ar cheann de na modúil ba mhó éileamh ó thaobh rannpháirtíochta de, in éineacht leis na croí-mhodúil agus **Dhaoine leochaileacha a chur faoi agallamh**. Tharraing dhá mhodúl a bhí dírithe ar dhaoine leochaileacha i gcomhthéacs fáiltithe (**'Fáiltiú daoine leochaileacha – Blocanna A agus B'**), agus a tugadh chun críche in 2020, líon suntasach rannpháirtíochtaí freisin. Tá roinnt modúl oiliúna a bhaineann le fáiltiú á bhforbairt agus beidh siad mar chuid de chonair foghlama na n-oifigeach glactha:

- **Réamheolas ar leochaileacht;**
- **Bainistíocht coinbhleachta agus idirghabháil san fháiltiú;**
- **Tacaíocht agus treoir shíceasóisialta san fháiltiú;**
- **Bainistíocht i gcomhthéacs an fháiltithe.**

## Líonra na bPointí Teagmhála Náisiúnta Oiliúna le haghaidh fáiltithe

Bhunaigh an Ghníomhaireacht líonra **Pointí Teagmhála Náisiúnta Oiliúna (NCP) le haghaidh fáiltithe**. Sin mar aitheantas ar an ról fíor-riachtanach atá ag údaráis ghlactha i bhfeidhmiú éifeachtach an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus ar an tábhacht atá le rannpháirtíocht na n-údarás sin i gcomhairliúcháin rialta.

## Plean oibríocháin le haghaidh tacaíochta speisialta maidir le fáiltiú – An Spáinn

Ceapadh agus cuireadh chun feidhme an plean oibríochta 2021 maidir le tacaíocht speisialta don fháiltiú a síníodh idir EASO agus an Spáinn i ndlúthchomhar le raon leathan páirtithe leasmhara glactha a oibríonn sa Spáinn faoi cheannaireacht an Rúnaí Stáit don Imirce. D'fhorbair an Ghníomhaireacht **cúrsa ionductúcháin ar fháiltiú**, lena gcuirtear foireann

<sup>2</sup>(b) Claonadh gnéis, féiniúlacht agus léiriú inscne agus tréithe gnéis.



ghlactha nua ar an eolas faoi na príonsabail dhlíthiúla, na caighdeáin agus na nósanna imeachta glactha de réir na Treorach maidir le Dálaí Glactha agus an dlí náisiúnta.



### Oiliúint in oibríochtaí

Chuir an Ghníomhaireacht plean oiliúna comhpháirteach chun feidhme, plean a dhírigh ar líon agus sainréimsí na hoiliúna a cuireadh ar fáil in éineacht le Seirbhís Tearmainn na Gréige a mhéadú, faoi phlean oibríocháin na Gníomhaireachta don Ghréig. Ceann de na príomhghníomhaíochtaí oiliúna ba ea cóitseáil ar an láthair oibre a bhí dírithe ar thacaíocht a thabhairt do chásuibrithe Sheirbhís Tearmainn na Gréige agus d'fhoireann shealadach EASO atá ag obair ar an talamh mar chásuibrithe.



### Comhordaitheoirí Deisce na dTíortha

Céim shuntasach chun comhoibriú díreach leis na Ballstáit a neartú is ea ról **Chomhordaitheoirí Deisce na dTíortha** a thabhairt isteach, a ghníomhaíonn mar phríomhphointe teagmhála le haghaidh NCPanna Oiliúna maidir le tearmann agus fáiltiú.



### Eispéireas úsáideoirí ríomhfhoghlama

Rinneadh roinnt feabhsuithe chun a chinntiú go mbeadh eispéireas ar líne níos fearr ag foghlaimeoirí:

- **comhéadan úsáideoora nua** don Chóras Bainistíochta Foghlama;
- **stíl nua dearaidh do mhodúil ríomhfhoghlama** a laghdaíonn líon na gcliceanna/na gcéimeanna a theastaíonn chun leathanach ábhair ar leith a bhaint amach, le rochtain bunaithe ar rialacha d'fhonn cosc a chur ar an úsáideoir nascleanúint a dhéanamh gan srian.

Thug an Ghníomhaireacht coincheap éiceachórais teicneolaíochtaí foghlama isteach freisin a chuimsíonn na huirlisí comhtháite, na hardáin, na sreafaí oibre uathoibríthe, na seirbhísí digiteacha agus na comhpháirteanna eile go léir a thacaíonn le bainistiú na modúl, na gcúrsaí agus na glár ar líne, lena n-áirítear a ndearadh, a dtáirgeadh, a soláthar agus a n-anailís ar eispéireas an fhoghlaimora.

- Spreagfaidh **leagan nua den Uirlis Clárúcháin Oiliúna EUAA (ETET v2.0)** rannpháirtíocht ghníomhach na bPointí Teagmhála Náisiúnta Oiliúna maidir le monatóireacht ar phróiseas clárúcháin an fhoghlaimora.
- Déanann **Barrfheabhsú na deisce seirbhíse** rianú saincheisteanna a fheabhsú trí chóras ticéadaithe a chur i bhfeidhm.
- Feabhsaíonn **córas nua um Bainistíocht Teagmhála do Pháirtithe Leasmhara** an próiseas chun cuirí, suirbhéanna agus nuashonruithe ad hoc a sheoladh.







## Oiliúint EASO a ailíniú le caighdeán Eorpacha

- D'fhorbair an Ghníomhaireacht dhá mhodheolaíocht maidir le **hanailís ar riachtanais oiliúna** agus **meastóireacht ar oiliúint**, atá solúbtha go leor chun iad a chur chun feidhme i gcásanna ina n-éilítear freagairt thapa nó anailís dhomhain sna comhthéacsanna éagsúla ina gcuirtear oiliúint ar fáil (lena n-áirítear oibríochtaí agus tacaíocht ó thíortha nach tíortha AE iad).
- Tá an t-ionad oiliúna ag obair le grúpa saineolaithe ón saol acadúil chun **feabhas a chur ar chomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta Eorpach** i réimse an ardoideachais.
- Le gabháil leis an úsáid phraiticiúil a bhaintear as an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála (ESQF), d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht '**Sraith Straitéisí ESQF**' ina gcuirtear réimse doiciméad tacaíochta ar fáil.

## In 2021, d'fháiltíomar roimh na chéad oiliúnóirí deimhnithe de chuid EUAA

Sheol an Ghníomhaireacht nós imeachta chun oiliúnóirí a bhfuil taithí acu a dheimhniú trí mheasúnuithe a chur i bhfeidhm agus trí mhodúl sonracha chun na scileanna riachtanacha a fháil chun foghlaimoírí a mheas. Ciallaíonn an garspríoc seo go bhfuil údarais na mBallstát in ann anois a mheas an bhfuil na torthaí foghlama sainithe bainte amach ag a gcuid foghlaimoírí agus gur féidir leo, dá bhrí sin, a léiriú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna acu chun a gcúraimí a dhéanamh de réir an dea-chleachtais agus i gcomhréir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn.

## Conclúid

Ag deireadh mhí an Mheithimh 2021, thángthas ar chomhaontú polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an sainordú feabhsaithe nua lenar bunaíodh **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)**. Sa sainordú nua, luaitear oiliúint go sainráite, lena n-áirítear oiliúint i réimsí a bhaineann le fáiltiú. Athainmníodh an Curaclam Oiliúna mar **Curaclam Eorpach Tearmainn**.

## I dtreo Acadamh EUAA

I gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán EUAA, chun oiliúint ardcháilíochta atá oiriúnach don fheidhm a áirithiú agus a fheabhsú, tá an Ghníomhaireacht ag díriú ar na gnéithe seo a leanas:

- cáilíocht an ábhair – dearadh atá oiriúnach do chuspóir na ngníomhaíochtaí oiliúna;
- cáilíocht an tsoláthair agus eispéireas an fhoghlaimoírí;
- cáilíocht na dtorthaí – iontaofacht, comhsheasmhacht agus inchomparáideacht na dtorthaí oiliúna beag beann ar áit agus modh an tsoláthair.

Cuireann gach forbairt agus feabhsú i réimse dhearadh, sholáthar agus dhearbhu cáilíochta na hoiliúna EUAA ar ár gcumas spríoc straitéiseach eile a bhaint amach: Acadamh EUAA a bhunú,





soláthraí cáilíochtaí atá aitheanta go hiomlán agus go hoifigiúil. Cuirfidh an stádas seo feabhas mór ar eispéireas an fhoghlaimora trí aitheantas oifigiúil thorthaí oiliúna EUAA a éascú – teastais, cáilíochtaí, céimeanna, etc. ar fud Bhallstáit uile an AE agus níos faide i gcéin.



